

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh
Cosanta, 2014, don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an
31 Nollaig 2021

Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, do chosaint d'fhostaithe ar dhífhostú nó ar aimhleas eile mar gheall ar ábhar imní maidir le héagóiritheacht fhéideartha a tháinig ar a n-aird san áit oibre a tharraingt anuas de mheon macánta. Leagtar amach san Acht roinnt dóigheanna a bhféadfar nochtaí a dhéanamh – mar shampla, d'fhostóir duine agus, i roinnt imthosca, do dhuine 'forordaithe' seachtrach.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta (Ionstraim Reachtúil Uimh. 339 de 2014). Fágann sé sin go bhféadfaidh fostaithe nochtaí a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi ábhair imní atá acu, ag teacht sna sála ar fhaisnéis a gnóthaíodh i gcúrsa a bhfostaíochta, a bhaineann le mí-úsáid cistí poiblí nó mí-úsáid acmhainní poiblí, nó a bhaineann le luach ar airgead i ndáil le heintitis a thagann faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ainmnítear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste san Acht (alt 17) freisin mar dhuine seachtrach ar cheart nochtaí cosanta ina gcuimsítear faisnéis i dtaobh cáiníocóirí a dhéanamh dó.

Maidir le haon nochtaí arna bhfáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe, ní fhéadfar iad a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt orthu ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach le ról, cearta reachtúla agus dualgais na hOifige, i.e., mar chuid d'iniúchadh reachtúil, nó atá oiriúnach dóibh sin; trí chigireacht arna déanamh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993; nó trí scrúdú arna dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1993. Níl de chumhacht ghinearálta ná leithleach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun nochtaí arna bhfáil a imscrúdú agus/nó chun tuairisc a thabhairt ar cibé nithe atá ar leithligh ó na feidhmeanna sin.

Is ar fáil [anseo](#) atá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chumasú go bhféadfar nochtaí a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus faoin dóigh a láimhseáiltear nochtaí den sórt sin.

Tuarascálacha ar nochtaí cosanta, 2021

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi alt 22 d'Acht 2014) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagfar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus cén gníomh a rinneadh ina leith (má rinneadh aon ghníomh). Is gá nach é an toradh a bheidh ar an tuarascáil sin go mbeifear in ann daoine atá ag déanamh nochtaí a shainaitheint.

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo faoi alt 22 den Acht an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

Nochtaí cosanta a fuarthas faoi Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ní bhfuarthas aon nochtaí cosanta sa bhliain 2021 i ndáil le héagóiritheacht líomhnaithe a bhaineann le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó lena foireann (2020: ní bhfuarthas aon tuairiscí).

Nochtaí cosanta a fuair an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe

Sa bhliain 2021, tugadh 14 thuairisc don Oifig ar éagóiritheacht líomhnaithe ar luadh gur tháinig sí ar aird na dtuairisceoirí i gcúrsa a bhfostaíochta agus a bhain le comhlachtaí a tháinig faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2020: 11 chás). Ba ar bhonn anaithnid a rinneadh seacht gcinn de na tuairiscí a fuarthas (2020: cúig chás). I ngach cás, tarchuireadh na nithe a tuairiscíodh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chuig an bhfoireann iniúchóireachta iomchuí lena gcur san áireamh, de réir mar is cuí, le linn obair iniúchóireachta ina dhiaidh sin a phleanáil i ndáil leis an gcomhlacht iomchuí/na comhlachtaí iomchuí.

Chomh maith leis sin, tugadh tuairisc amháin don Oifig ar éagóiritheacht líomhnaithe ar luadh gur tháinig sí ar aird na dtuairisceoirí i gcúrsa a bhfostaíochta agus a bhain le comhlachtaí nár tháinig faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Sa chás sin, tarraingíodh aird an údaráis iomchuí ar an bhfaisnéis a fuarthas.

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 29 Meitheamh 2022